GX2661

Ollscoil na hÉireann,Gaillimh.

Scrúdaithe an Fhómhair 1999
Scrúdú B.A. Stair.

HI362. Páirtithe agus an chumhacht i bpolaitíocht na Breataine san naoú haois déag agus sa bhfichiú haois luath.

Seán Ó Dufaigh.
M.A.G. Ó Tuathaigh.

Freagair trí cheist. Am ar fáil: Dhá uair a chloig.

1. An coincheap úd de 'pháirtí polaitiúil' faoi mar a tuigtear é sa lá atá inniu ann, an raibh aon bhrí lena leithéid sa Bhreatain san ré roimh 1832 ?

2. 'Géilleadh beag bídeach ag aicme cheannasach na talún, géilleadh a bhí sásúil dóibh féin'. Do bharúil faoin mbreithiúnas seo ar Acht Leasaithe 1832.

3. Déan tábhacht Sir Robert Peel i bhforbairt chóras na bpáirtí sa Bhreatain a mheas.

4. Cérbh iad na príomh-ghnéithe den dul chun cinn a deineadh i gcúrsaí riaracháin sna páirtithe polaitiúla sa Bhreatain idir 1832 agus 1867 ?

5. Cén fáth ar theip ar ghluaiseacht na gCairtigh (Chartists) sna 1840í ?

6. Cad déarfá faoin ráiteas gurbh é láimhseáil Acht Leasaithe na bliana 1867 an sméar mhullaigh de shaothar Disraeli mar cheannaire páirtí ?

nó

Cé chomh tábhachtach is a bhí brú ón bpobal in achtú An Dara Acht Leasaithe (1867) ?

7. Cén fáth agus cén chaoi ar éirigh leis an bPáirtí Chaomhach an cháil mar phríomh-pháirtí an impiriúlachais a shealbhú dó féin ?

8. Déan comparáid agus comórtas idir na h-eagraíochtaí páirtí a bhunaigh is a d'fhorbair na Caomhaigh agus na Liobrálaigh sa tréimhse i ndiaidh Acht Leasaithe na bliana 1867.

/...

9. Cén fáth gur chothaigh ceist ' Home Rule' d'Éirinn coimheascar agus sgoilt i gcóras na bpáirtí sa Bhreatain ?

10. Tabhair míniú ar conas mar a tháinig ann do pháirtí neamhspleách de chuid an Lucht Oibre sa Bhreatain ag deireadh an 19ú agus i dtús an 20ú aois.

11. ' Le scéal fada a dhéanamh gearr, bhíodar ró-fhada in oifig agus i gcumhacht'. An leor é seo mar mhíniú ar na deacrachtaí a bhí ag an Rialtas Caomhach sa Bhreatain i mblianta luath na haoise seo ?

12. Cén staid ina raibh an Páirtí Liobrálach díreacht roimh bhriseadh amach an Chéid Chogaidh Mhóir ?

13. " Níorbh ghá go dtabharfadh an Cogadh Mór buntáiste do Pháirtí a Lucht Oibre i gcomórtas leis an bPáirtí Liobrálach: ach b'shin mar a tharla". Do bharúil faoi seo.